An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

Annual Report

For the year ended 31 December 2020

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

Tuarascáil Bhliantúil
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Ábhar

1 Ráiteas ón gCathaoirleach 1

2 An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach 4

3 Beartais Chuntasaíochta NESDO 11

4 Aguisín 1: Comhaltas Boird NESDO 14

5 Aguisín 2: Comhaltas Comhairle NESC 14

6 Aguisín 3: Ráitis Airgeadais arna síniú ag Bord NESDO 17

Caibidil 1
Ráiteas ón gCathaoirleach

Ráiteas ón gCathaoirleach

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006.

Tá NESDO ina comhlacht corparáideach don Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC) a thugann comhairle don Taoiseach maidir le saincheisteanna beartais straitéiseacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialach agus chomhshaoil in Éirinn.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil do NESC agus déanann sí tuarascálacha, moltaí agus conclúidí a eascraíonn ó thionscadail arna gcur i gcrích ag NESC a chur faoi bhráid an Rialtais agus déanann sí socrú chun míreanna dá leithéid a fhoilsiú ina dhiaidh sin.

I dTreoirlínte Beartas agus Nósanna Imeachta NESDO, leagtar amach socruithe rialachais chorparáidigh na hOifige, lena n-áirítear feidhmeanna agus freagrachtaí Bhord agus fhoireann NESDO. Comhlíonann na Treoirlínte an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta. Táim sásta go gcomhlíonann NESDO na Treoirlínte.

Thionóil Coiste Iniúchóireachta NESDO dhá chruinniú le linn na bliana 2020: an 11 Meitheamh agus an 17 Nollaig. Chuimsigh an Coiste:

An tUasal Ray Henry (Cathaoirleach), a d'éag i mí Mheán Fómhair 2020.

An tUasal Nigel Clarke, Roinn an Taoisigh

Sinéad Nic Coitir, Uasal, NESC

Feidhmíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) i Roinn an Taoisigh mar acmhainn do Bhord agus bainistíocht NESDO trí chinnteacht a chur ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialuithe inmheánacha na heagraíochta lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíonta mar aon le bainistíocht riosca.

I ndoiciméad Nósanna Imeachta um Rialú Airgeadais Inmheánach NESDO, leagtar amach na nósanna imeachta agus caighdeáin chuntasaíochta atá i bhfeidhm, lena n-airítear nósanna imeachta agus caighdeáin chuntasaíochta d'airgead tirim, párolla, fáltais, íocaíochtaí, taisteal agus costais, soláthar, sócmhainní seasta, slándáil i dteicneolaíocht faisnéise, rialuithe buiséid agus taifid a bhainistiú agus a choinneáil.

Le linn na bliana 2020, rinne Coiste Iniúchóireachta NESDO athbhreithniú ar an gClár Bainistíochta Rioscaí & an Clár Rioscaí IT, Seicliosta Éifeachtachta an Choiste Iniúchóireachta, na Ráitis Airgeadais (2019), an Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí, an

tAthbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha agus an Tuarascáil Iniúchóireachta maidir le Sócmhainní Seasta. Níor aimsíodh aon saincheisteanna suntasacha. Dheimhnigh an Coiste Iniúchóireachta go rabhthas sásta le leordhóthanacht agus oiriúnacht an chórais rialuithe inmheánaigh laistigh de NESDO.

Is ag an duine céanna atá na poist mar Phríomhoifigeach NESDO agus Stiúrthóir NESC, a íoctar i leith a phoist mar Stiúrthóir NESC agus nach bhfaigheann luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Íoctar baill foirne ar fad NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, i gcomhréir leis na ciorcláin phá ábhartha atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Táim sásta go gcomhlíonann NESDO na ciorcláin seo.

Tá NESDO dúthrachtach faoina hoibleagáidí faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh. Le linn na bliana, cloíodh lena beartas maidir le gach sonrasc a shocrú laistigh de chreataí ama forordaithe, agus 92.4% dá híocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá ar fhógra a fháil. Ní raibh aon dliteanas úis i gceist maidir leis an bhforáil um íocaíochtaí déanacha.

I gcaitheamh na bliana 2020, chloígh foireann NESDO go hiomlán leis na treoirlíne Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta maidir le cianobair le linn Covid-19. Rinneadh prótacail dhochta a fhorbairt agus chur i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar aon ghníomhaíochtaí ar an láthair a mheas an Bainisteoir Riaracháin agus an Príomhoifigeach a bheith riachtanach.

Dearbhaím nár tharla aon teagmhas iarchláir chomhardaithe suntasach le linn na bliana 2020.

Martin Fraser

Cathaoirleach
An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

Caibidil 1
An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach

Clár Oibre NESC don bhliain 2020

D'fhoilsigh NESC na tuarascálacha seo a leanas sa bhliain 2020:

Aghaidh a Thabhairt ar Leochaileacht Dífhostaíochta mar chuid d'Aistriú Cóir in Éirinn (Tuarascáil NESC Uimh.149):

D'iarr an Rialtas, tríd an Straitéis um Thodhchaí Post (*Todhchaí Post Éireann 2019: Ag Ullmhú anois don Eacnamaíocht Amach Anseo*) agus an Plean Gnímh don Aeráid (*Plean Gnímh don Aeráid 2019: Chun dul i ngleic le Cliseadh na hAeráide*) ar NESC iniúchadh a dhéanamh ar an tsaincheist ar leith maidir le leochaileacht oibrithe, gnólachtaí agus earnálacha mar gheall ar an aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin, atá níos digití agus uathoibrithe agus chun moltaí a chur ar fáil. Aithnítear sa tuarascáil moltaí a chuideoidh leis an tír aghaidh a thabhairt orthu sin agus glacadh leis na deiseanna suntasacha atá ar fáil.

Beartas Tithíochta: Gníomhartha chun Athrú a bhaint amach **(Tuarascáil NESC Uimh.150)**

Sa tuarascáil seo, dírítear ar an mbearna soláthair a líonadh trí bhainistiú gníomhach a dhéanamh ar luach talún agus suímh ar mhaithe leis an bpobal; agus chomh maith leis sin, an bhearna inacmhainneachta a líonadh trí inacmhainneacht bhuan a shocrú isteach. Tugtar mionsonraí maidir leis na céimeanna atá riachtanach chun an dá bhearna seo a líonadh trí bhíthin oiriúnuithe institiúideacha, úsáid níos éifeachtaí a bhaint as ionstraimí beartais reatha, agus nuálaíocht chun cur leis na roghanna beartais atá ar fáil don Stát. Liostaítear gníomhaíochtaí faoi na ceannteidil seo.

Todhchaí Chóras Leasa Shóisialaigh na hÉireann: Rannpháirtíocht agus Cosaint **(Tuarascáil NESC Uimh.151)**

Níl aon ghéarchéim i gcóras leasa shóisialaigh na hÉireann, ach tá dúshláin mhóra roimhe a thagann chun cinn sna comhthéacsanna sóisialacha, eacnamaíocha agus déimeagrafacha níos leithne. Tá na dúshláin seo níos measa fós mar gheall ar phaindéim an choróinvíris agus an tionchar a bhaineann leis sin don eacnamaíocht agus don tsochaí. Fiafraítear sa tuarascáil seo: An bhfuil córas leasa shóisialaigh na hÉireann oiriúnach don 21ú Céad? Déantar moltaí sa tuarascáil seo maidir leis an gcaoi ina bhféadfaí an córas seo a nua-aoisiú d'fhonn bheith ina léiriú ar chomhthéacsanna reatha.

An tAistriú chun Todhchaí Isealcharbóin atá Níos Digití: Tacú le Riachtanais Oibrithe agus Gnólachtaí Leochaileacha **(Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.19):**

Leagtar amach go mionsonrach sa tuarascáil seo na nithe atá taobh thiar de fhreagra an Rialtais i leith leochaileacht fostaíochta mar thoradh ar an athrú aeráide agus

aistrithe chuig uathoibriú digiteach. Áitítear nach mór don sprioc uileghabhálach bheith tiomanta d'eacnamaíocht post ardchaighdeáin. Déantar cur síos ar an 12 mholadh, agus céimeanna i leith gníomhú tacaíochta, ar fud trí réimse leathana: lucht saothair a fhorbairt ar bhonn leanúnach agus go réamhghníomhach; fiontair athléimneacha a fhorbairt; agus maoiniú suaithinseach agus spriocdhírithe a chur ar fáil chun tacú leis an aistriú.

Cuir chuige i leith Aistriú **(Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.20):**

Sa saothar seo, tugtar mionléargas ar an mbealach ina dtugtar aghaidh ar aistrithe i dtíortha eile agus an réimse dearcthaí atá i gceist. Déantar athbhreithniú ar uirlisí praiticiúla agus cuir chuige coincheapúla atá á n-úsáid chun tacú le haistriú, agus béim ar leith á leagan ar thaithí idirnáisiúnta maidir le bainistiú a dhéanamh ar rioscaí ar an taobh thíos a chuireann isteach go díréireach ar chohóirt ar leith d'oibrithe nó pobail.

Ceithre Chás-Staidéar maidir le hAistriú Cóir: Ceachtanna d'Éirinn **(NESC Páipéar Taighde Uimh.15):**

Sa pháipéar taighde seo, déantar cur síos ar cheithre chás-staidéar in Albain, sa Ghearmáin (dhá réigiún) agus san Astráil. Tríd is tríd, díríonn na samplaí ag leibhéal na tíre go follasach ar aistrithe réigiúnacha ó fhostaíocht atá bunaithe ar ghual. Aithnítear ceachtanna d'Éirinn sa tuarascáil.

Aistriú chuig Neodracht Charbóin a Shamhaltú: Cuir Chuige Idirnáisiúnta agus Ceachtanna d'Éirinn **(NESC Páipéar Taighde Uimh.16):**

Sa pháipéar seo, déantar iniúchadh ar shamhlacha cainníochtúla den eacnamaíocht agus den chóras fuinnimh. D'fhonn samhaltú a úsáid ar bhealach éifeachtach in Éirinn, leagtar amach sa pháipéar roinnt céimeanna a chaithfear a thógáil, lena n-áirítear ár gcumais shamhaltaithe reatha a fheabhsú agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear ó shamhaltú ar bhealach sofaisticiúil.

Conair Aistrithe Fuinnimh agus an Phaindéim COVID-19: Anailís ar fhreagraí 'téarnamh glas' sa Danmhairg agus in Éirinn **(NESC Páipéar Taighde Uimh.17):**

Sa pháipéar seo, déantar iniúchadh ar an mbeartas fuinnimh reatha agus cleachtas d'Éirinn agus an Danmhairg, i gcomhthéacs Covid-19.

Sraith Páipéar Oibre Covid-19

Sa bhliain 2020, mar fhreagra ar an bpaindéim Covid-19, d'fhoilsigh NESC roinnt páipéar oibre:

- An Ghearmáin: Ag Gníomhú i leith na Géarchéime Covid-19—Fiontair, Fostaíocht agus Fostaithe a chosaint, mí Aibreáin
- Covid-19 agus Athrú Iompraíochta, mí Aibreáin
- Na Bunúis atá le Léargais Iompraíochta: Forléargas, mí Aibreáin
- Éire: Ag Gníomhú i leith na Géarchéime Covid-19—Fiontair, Fostaíocht agus Ioncaim a chosaint, mí Bealtaine
- Covid-19 & Riosca Earnála Difreáilte a thuiscint, mí Bealtaine
- Na hImpleachtaí a bhaineann le Covid-19 do Thithíocht in Éirinn, mí Meithimh

- An Luach a Chuirimid ar Obair: Tionchar Covid-19, mí Meithimh
- Inbhuanaitheacht a chur chun cinn i gComhthéacs Covid-19: An Deis a Thapú, mí Iúil

Thionóil NESC dhá imeacht sa bhliain 2020:

Eolas agus Beartas: Aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin Rialachais sa Tréimhse Nua Deich mBliana, an 7 Eanáir

I gcomhar leis an Rannóg Shocheolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad, d'óstáil NESC comhdháil chun scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina n-oibríonn eolas agus beartas lena chéile chun cur ar chumas sochaithe aghaidh a thabhairt ar dhúshláin rialachais.

Le linn na comhdhála, rinneadh iniúchadh ar an mbealach ina dtagann eolas agus beartas le chéile chun tacú le gníomh poiblí agus an leas coiteann i raon leathan réimsí—lena n-airítear pleanáil, an aeráid agus comhshaol, leas agus tacaíochtaí ioncaim, seirbhísí daonna agus poist ardchaighdeáin —in Éirinn, ar fud na hEorpa agus i gcomhthéacs domhanda.

Le linn na comhdhála, comóradh an t-ionchur agus an obair shuntasach a rinne an Stiúrthóir a chuaigh ar scor le gairid, an Dr. Rory O'Donnell, trí chuireadh a thabhairt do cheathrar scoláirí idirnáisiúnta ar oibrigh sé i ndlúthchomhar leo le linn a gairme in NESC teacht chun na hÉireann:

- An tOllamh Charles Sabel, an tOllamh Dlí Maurice T. Moore ag Columbia Law School, Nua Eabhrac a rinne cur i láthair maidir le Rialachas & Fadhbanna Olca: An Comhshaol, Seirbhísí Daonna & Poist Ardchaighdeáin.
- An tOllamh John Tomaney, The Bartlett School of Planning, University College London a rinne cur i láthair maidir le Pleanáil Réigiúnach agus Todhchaíocht Uirbeach.
- An tOllamh Anton Hemerijck, Eolaíochtaí Polaitíochta agus Sóisialta, European University Institute a rinne cur i láthair maidir leis an Stát Leasa.
- An tOllamh Brigid Laffan, Robert Schuman Centre for Advanced Studies, European University Institute, Flórans, a rinne cur i láthair maidir leis an AE & Gníomh Poiblí.

An 28ú Comhdháil Bhliantúil EEAC 'Aistriú Cóir a chur ar fáil do Chách', an 27 Deireadh Fómhair 2020

Thionóil NESC, ar líne i gcaitheamh trí lá, an 28ú Comhdháil Bhliantúil den líonra Eorpach de chomhairlí comhairleacha maidir leis an gcomhshaol agus forbairt inbhuanaithe (Líonra EEAC), a bhfuil NESC ina comhalta dá chuid. Chuir meascán éagsúil de shaineolaithe, acadóirí, comhairlí agus lucht déanta beartais leis an imeacht iontach agus uathúil seo agus ba é Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins a thug an spreagaitheasc, dar teideal 'Aistriú Cóir a chur ar fáil do Chách'.

Tá Éire agus an tAontas Eorpach tiomanta don aistriú chuig eacnamaíocht agus sochaí atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach, bisiúil agus neodrach ó thaobh fuinnimh agus le linn na comhdhála seo, díríodh ar an mbealach inar féidir le prionsabail an cheartais, cothroime, chomhionannais agus chothromais gníomhú mar luamhán agus mar threoir chun beartais agus cleachtais a mhúnlú chun an t-aistriú a bhaint amach. Bhí obair a rinne NESC le gairid maidir le haistriú cóir agus leochaileacht fostaíochta ina hionchur luachmhar ar an lá.

Tríd an gcomhdháil, cuireadh fóram ar fáil do chomhghleacaithe as Éirinn agus ón Eoraip dearcthaí, eispéiris agus cleachtais a chomhroinnt agus comhthuiscint agus straitéisí nithiúla a fhorbairt chun dul chun chinn a dhéanamh. Le linn na comhdhála, tugadh léargas ar an mbealach ina bhfuil tíortha eile ag déanamh bainistiú ar an bpróiseas aistrithe, agus tugadh aird ar leith ar thionchair bheartais aeráide a bhainistiú a d'fhéadfadh tionchar díréireach a imirt ar ghrúpaí ar leith sa tsochaí. Tá sé seo ag teastáil toisc go bhfuil dúshláin ollmhóra ag baint le haistrithe agus toisc go bhfuil sé mar uaillmhian leis an gClár Oibre 2030 nár chóir aon duine a fhágáil as an áireamh.

Cruinnithe Idirnáisiúnta de na Coistí Eacnamaíocha agus Sóisialta (ESCanna) de Bhallstáit AE

Ghlac NESC páirt sa chruinniú bliantúil de na Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta de bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (EESC). Sa bhliain 2020, tionóladh an cruinniú go fíorúil an 9 Meán Fómhair. Mar aon le heolas a roinnt faoi obair na gcomhairlí agus faoi staid na dialóige sóisialta agus sibhialta i ngach aon cheann de na ballstáit, pléadh ag an gcruinniú '*Na dúshláin a bhaineann le daonlathas rannpháirtíochta comhaimseartha in Eoraip atá á hatógáil féin: ionchur tosaigh ó na Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta agus institiúidí comhchosúla'*.

Cruinnithe Idirnáisiúnta de Chomhairlí den Líonra Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (EEAC)

De réir mar a liostaítear thuas, d'óstáil NESC an 28ú Comhdháil Bhliantúil den Líonra Eorpach de Chomhairlí Comhairleacha maidir leis an gComhshaol agus Forbairt Inbhuanaithe (EEAC). Ba é teideal an imeachta: '*Aistriú Cóir a chur ar fáil do Chách'* ar lena linn a thug Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins spreagaitheasc*.*

Cruinnithe NESC a tionóladh le linn na bliana 2020

Agus Covid-19 ag teacht chun cinn i mí an Mhárta, cuireadh an chéad chruinniú den Chomhairle ar ceal. Tionóladh an Chomhairle trí huaire ar líne sa bhliain 2020; an 30 Meitheamh, an 24 Meán Fómhair agus an 17 Nollaig.
Le linn na bliana 2020, rinne an Rúnaíocht go leor cuir i láthair maidir le hobair NESC, ghlac páirt i réimse comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna agus d'fhóin ar líon coistí agus grúpaí oibre. Tugtar liosta de roinnt de na gníomhaíochtaí seo thíos.

Bhí an **Dr. Larry O'Connell**, Stiúrthóir, ina chomhalta de;

- Coiste Monatóireachta an Chláir um Fhorbairt Tuaithe (RDP) 2014-2020;
- An Grúpa Comhairleach um Nuálaíocht Gháis;
- An Grúpa um Fhorfheidhmiú Bithgheilleagair;
- An Grúpa Comhairleach um Pleanáil Spásúlachta Muirí;
- Clár Taighde EPA/IPA maidir le Rialachas Turgnamhach;
- An Grúpa Comhordaithe um Thaighde ar an Aeráid; agus
- Bord Comhairleach an Earth Institute (Leaschathaoirleach)

Tugadh cuireadh dó labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- An Chomhairle Náisiúnta Scileanna, Feabhra
- Díospóireacht Phainéil Thionóil na Saoránach maidir le hInscne, Meán Fómhair
- An Coiste Gníomh don Aeráid, Samhain
- Grúpa OPS2030 um Fhadbhreathnaitheacht Straitéiseach, Samhain
- Comhdháil Martin McEvoy, Nollaig

An Dr. Helen Johnston (Anailísí Sinsearach Beartais):

Le linn na bliana 2020 bhí an Dr Johnston ina comhalta de;

- An Lárionad um Staidéar Trasteorann (Cathaoirleach);
- An Grúpa Comhairleach Teicniúil um Thráscairí agus Sonraí Bochtaineachta;
- An Bord um Thionscnamh Forbartha Leanaí agus Coiste Comhairleach um Thaighde Thamhlachta Thiar;
- Sainghrúpa Comhairleach um Phrofáil Chomhionannais Buiséid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Líonra agus Grúpa Stiúrtha an Lárionaid um Sheirbhísí Éifeachtacha a chur i bhfeidhm;
- Bord Fhondúireacht Katharine Howard;
- Grúpa Comhairleach um Thaighde Focus Ireland; agus
- An Grúpa Comhairleach um Fholláine a Neadú i dTuaisceart Éireann.

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas;

- Clár an Fhorais Riaracháin um Dhochtúireacht i Rialachas maidir le 'Feidhmiú, Baile Átha Cliath, Eanáir.
- Rinneadh cathaoirleacht ar sheisiún ag cruinniú an Líonra Feidhmithe maidir le 'Feidhmiú Áitiúil le linn Géarchéime', go fíorúil, Deireadh Fómhair; agus
- Comhdháil Bhliantúil Basic Income Ireland, go fíorúil, Samhain.

An Dr. Damian Thomas (Anailísí Sinsearach Beartais):

Le linn na bliana 2020, rinne an Dr Thomas cur i láthair ag na himeachtaí seo a leanas;

"Obair trí Mheán Ardáin: Saincheisteanna Fostaíochta agus Leasa", Sraith Taighde NERI, Feabhra;

"Fostaithe agus Fiontair a Chosaint maidir leis an Aistriú chuig Eacnamaíocht Ísealcharbóin", Chambers Ireland agus an Green Deal: Scileanna agus Poist don Aistriú chuig Neodracht Charbóin, Nollaig;

"An Earnáil Dheonach agus Covid-19 i gCúram Sláinte agus Sóisialta: Caidrimh Chomhoibríocha agus Thorthúla a Fhorbairt", Seimineár Gréasáin HSE The Wheel, Nollaig.

Tugadh cuireadh dó Cathaoirleacht a dhéanamh ar an imeacht seo a leanas;

Seisiún Spotsolais: Aistriú Cóir, Leochaileacht agus Freagraí Beartais, Comhdháil EEAC, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair.

An Dr. Anne Marie McGauran (Anailísí Beartais):

Le linn na bliana 2020 bhí an Dr. McGauran ina;

- Comhalta taighde ar cuairt sa Lárionad um Staidéar Inscní agus Léann na mBan, TCD;

Tugadh cuireadh di labhairt ag an imeacht seo a leanas:

- Comhthionól na Saoránach maidir le Comhionannas Inscne, Baile Átha Cliath, Feabhra.

An Dr. Jeanne Moore (Anailísí Beartais):

Le linn na bliana 2020 bhí an Dr. Moore ina comhalta de chuid;

- Grúpa stiúrtha thionscadal taighde EPA maidir le 'Greening the City'.

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí/cruinnithe seo a leanas;

- Léacht cuairteora don chúrsa M.Sc. i bPolaitíocht agus Beartas Aeráide i gClár um Beartas Comhshaoil UCD, Feabhra
- Meastóir i leith Ciste um Aistriú Cóir i lár na tíre, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- Rapóirtéir maidir le Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara sa Phlean Náisiúnta Eacnamaíoch, Deireadh Fómhair
- Tacaíocht Rúnaíocht NESC do na cainteanna Déthaobhacha Polaitíochta maidir leis an Athrú Aeráide, Feabhra.

An Dr. Cathal FitzGerald (Anailísí Taighde Institiúide):

Le linn na bliana 2020, bhí an Dr. FitzGerald ina chomhalta de chuid;

- An Grúpa Eolais um Pleanáil Náisiúnta;
- An Grúpa Meastóireachta um Athrú Cóir;
- Grúpa Meantóirí Lár na Cathrach Thoir Thuaidh; agus
- Sainghrúpa PSAI maidir le Beartas Poiblí.

Tugadh cuireadh dó labhairt ag na himeachtaí/cruinnithe seo a leanas;

- Fóram Bainistíochta Sinsearaí, An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, Baile Átha Cliath, Eanáir.
- An Tascfhórsa um Thithíocht, Chambers Ireland, Baile Átha Cliath, Bealtaine.
- Seisiúin Chomhairliúcháin maidir leis an bPlean Náisiúnta Eacnamaíoch, Roinn an Taoisigh, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair.
- Comhdháil Bhliantúil EEAC, An Líonra Comhairlí Comhairleacha Eorpacha maidir leis an gComhshaol agus Forbairt Inbhuanaithe, Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair.

An tUasal Noel Cahill (Eacnamaí):

Le linn na bliana 2020, bhí an tUasal Cahill ina chomhalta de chuid;

- Painéal Comhairleach na Gníomhaireachta Tithíochta maidir le Soláthar & Inacmhainneacht;
- An Grúpa um Thithíocht Inbhuanaithe agus Inacmhainne d'Aontas na Meánmhara (UfM).

Caibidil 1
Beartais Chuntasaíochta NESDO

Beartais Chuntasaíochta

1.1.1 Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo ach amháin i gcás ina luaitear a mhalairt.

1.1.2 Aitheantas Ioncaim

Aithnítear Deontas a fuarthas ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid.

Aithnítear ioncam ó Chomhdhálacha nuair a shonrasctar é. Más léir go bhféadfadh sé nach bhfaighfear an t-airgead, déantar soláthar in aghaidh fiach amhrasach.

Téann NESDO i mbun tionscadail chomh-mhaoinithe le heagraíochtaí eile a d'fhéadfadh maireachtáil níos faide ná bliain amháin. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fáltais airgid.

1.1.3 Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta in airgeadraí nach airgeadra an euro iad a thaifeadadh de réir na rátaí atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart nó ar dháta ar conradh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid go euro ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar dháta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Cuntas Caiteachais.

1.1.4 Sócmhainní Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas sócmhainní inláimhsithe a dhíscríobh de réir a luachanna iarmharacha measta ar feadh a saolréanna ionchais mheasta trí thráthchodanna cothroma bliantúla.

Is mar seo a leanas saolré ionchais mheasta sócmhainní inláimhsithe dár tagraíodh chun dímheas a ríomh:

- Troscán: 5/10 mbliana;
- Trealamh: 5 bliana.

Aoisliúntas

Tá baill foirne NESDO ina mbaill den scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe. Is scéim neamhranníocach í seo do shochair phinsin scoir agus chnapshuime oifigigh. Tá ranníocaíochtaí iníoctha don Scéim Céilí agus Leanaí. Tarchuireann NESDO na ranníocaíochtaí seo chuig an Roinn Airgeadais trí Roinn an Taoisigh. Dá réir sin, níl aon dhliteanas ar NESDO i ndáil le socruithe aoisliúntais na mball foirne seo.

Le linn na bliana 2020, thug Roinn an Taoisigh beirt bhaill foirne ar iasacht do NESDO. Bhí na baill foirne seo clúdaithe faoi na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm ina Roinn faoi seach. Chúitigh NESDO na Ranna i ndáil le tuarastal, PRSI fostóra agus aoisliúntas do na baill foirne ar leith. D'fhabhraigh aisíocaíochtaí ar bhonn míosúil agus muirearaíodh iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Glacann an Roinn ábhartha freagracht as an bpárolla agus aoisliúntas i ndáil lena baill foirne atá ar iasacht chuig NESDO.

Aguisíní

Aguisín 1 Comhaltas Boird NESDO

- An tUasal Martin Fraser, Roinn an Taoisigh (Cathaoirleach)
- Elizabeth Canavan, Uasal, Roinn an Taoisigh

Príomhoifigeach NESDO, an Dr Larry O'Connell

Aguisín 2 Comhaltas Comhairle NESC

Is mar seo a leanas a ainmníodh comhaltas na Comhairle don tréimhse 2016-2022:

- An tUasal Martin Fraser (Cathaoirleach)
- Elizabeth Canavan, Uasal, (Leaschathaoirleach)

Triúr comhaltaí ó Ghnó agus Fostóirí:

- Maeve McElwee, Uasal, Stiúrthóir Caidreamh Fostóirí, Ibec
- An tUasal Tom Parlon, Ard-Stiúrthóir, CIF
- An tUasal Ian Talbot, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Chambers Ireland

Triúr comhaltaí ó Cheardchumainn:

- Patricia King, Uasal, Ard-Rúnaí, ICTU
- Tháinig an tUasal Joe Cunningham, Ard-Rúnaí, Fórsa, in ionad an Uasail Shay Cody (a chuaigh ar scor i mí Dheireadh Fómhair)
- An tUasal Kevin Callinan, Ard-Rúnaí, IMPACT

Triúr comhaltaí ó chúrsaí Feirmeoireachta agus Talmhaíochta:

- An tUasal Damian McDonald, Ard-Stiúrthóir, IFA
- Tháinig an tUasal TJ Flanagan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ICOS, in ionad an Uasail John Enright, Ard-Rúnaí, ICMSA (Deireadh Fómhair)
- An tUasal Denis Duggan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Macra na Feirme

Triúr comhaltaí ó chúrsaí Pobail agus Deonacha:

- An Dr Seán Healy, Ceartas Sóisialta Éireann
- Brid O'Brien, Uasal, Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe
- An tUasal James Doorley, Stiúrthóir Cúnta, Comhairle Náisiúnta na nÓg

Triúr comhaltaí ó chúrsaí Comhshaoil:

- Karen Ciesielski, Uasal, Comhordaitheoir, an Colún Comhshaoil
- Kate Ruddock, Uasal, Leas-Stiúrthóir, Cairde na Cruinne Éireann
- Oonagh Duggan, Uasal, Leascheann Rannáin: Beartas agus Abhcóideacht, Bird Watch Ireland

Ceathrar comhaltaí ón tSeirbhís Phoiblí:

- An tUasal Derek Moran, Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais
- An Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- An tUasal John McCarthy, Ard-Rúnaí, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An tUasal Robert Watt, Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe

Seachtar comhaltaí neamhspleácha arna n-ainmniú ag an Taoiseach:

- An tUasal Philip Hamell, Státseirbhíseach ar scor
- An tOllamh Edgar Morgenroth, DCU
- An tOllamh Michelle Norris, Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhmí, Institiúid Geary UCD
- An tOllamh Paul Donnelly, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- An tOllamh Sinead O'Flanagan, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn
- An tOllamh Eleanor Denny, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- An tOllamh Geraint Ellis, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Stiúrthóir NESC, an Dr Larry O'Connell

Aguisín 3 Ráitis Airgeadais arna síniú ag Bord NESDO

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráitis Airgeadais
Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2020

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Clár

	Page
Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile	1
Tuarascáil ón gCathaoirleach	2
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird	3-5
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	6-7
Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	8-9
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	10
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	11
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	12
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	13-18

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile

Comhaltaí Boird:	An tUasal Martin Fraser (Cathaoirleach) Elizabeth Canavan, Uasal
Baincéirí:	Allied Irish Bank 7/12 Sráid an Dáma Baile Átha Cliath 2
Ceannoifig:	16 Cearnóg Parnell Baile Átha Cliath 1
Iniúchóir:	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Tuarascáil ón gCathaoirleach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, agus déanann Bord arna cheapadh ag an Taoiseach é a rialú.

Tá NESDO ina comhlacht corparáideach don Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC) a thugann comhairle don Taoiseach maidir le saincheisteanna beartais straitéiseacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialach agus chomhshaoil in Éirinn.

Tá Bord NESDO tiomanta do na caighdeáin is airde maidir le Rialachas Corparáideach agus chuir an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm.

Tá treoirlínte beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO i ndáil leis na baill foirne, coiste agus comhaltaí Boird ar fad. Cuireann NESDO na caighdeáin is airde i bhfeidhm maidir le nochtadh agus trédhearcacht i ndáil le leasanna na mball foirne, coistí agus comhaltaí Boird.

Beartas Íocaíochta – Comhaltaí Boird agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin

Is ag an duine céanna atá na poist mar Phríomhoifigeach NESDO agus Stiúrthóir NESC. Íoctar é i leith a phoist mar Stiúrthóir NESC agus ní fhaigheann sé luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach. Íoctar baill foirne ar fad NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, i gcomhréir leis na ciorcláin phá ábhartha atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní fhaigheann comhaltaí Boird NESDO agus comhaltaí Comhairle NESC aon íocaíocht/táillí.

Gnóthas Leantach

Tá an Bord ag súil le réasún go leanfar de mhaoiniú a fháil ón Roinn. Dá bhrí sin, glactar i gcónaí le gnóthas leantach mar bhonn agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú. Fuarthas an chéad tráthchuid d'Ioncam Deontais 2021 i mí Eanáir.

I ndiaidh athbhreithnithe a rinne Roinn an Taoisigh, mar chuid de chlár chun gníomhaireachtaí Stáit a chuíchóiriú, chomhaontaigh an Rialtas gur chóir go mbeadh NESC ina comhlacht reachtúil agus gur chóir NESDO (comhlach reachtúil) a dhíscaoileadh. Tá an obair seo ag leanúint go fóill sa Roinn. Tá Acht NESDO éifeachtach fós agus dá bharr sin, tá an Oifig ina gnóthas leantach.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Rialachas

Bunaíodh Bord na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Tá an Bord cuntasach don Taoiseach agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an obair sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseach a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach cinneadh gnó barrthábhachtach. Is é an Príomhoifigeach (CO) agus bainistíocht NESDO atá freagrach as NESDO a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don CO an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór go mbeadh tuiscint shoiléir aige ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, mar aon le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an CO mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht NESDO.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa doiciméad maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta NESDO ina bhfuil ceisteanna freisin atá coinnithe go sonrach i gcomhair chinneadh an Bhoird. Áirítear leis na míreanna buana a bhreithnigh an Bord:

- leasanna a dhearbhú,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ceisteanna forchoimeádta.

Faoi Alt 31(1) den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, éilítear ar NESDO a choinneáil, i cibé foirm a d'fhéadfadh bheith formheasta ag an Taoiseach le comhthoiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is ciú agus is gnách maidir leis an airgead a fhaightear agus a chaitear.
Maidir leis na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú, éilítear ar an mBord:

- beartais cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas i gcás ina bhfuil sé míchuibhiúil glacadh leis go leanfaidh sí i bhfeidhm; agus
- a lua cibé ar leanadh nó nár leanadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míniodh sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh de go gcoinnítear taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ina nochtar, le cruinneas réasúnach in am ar bith, a staid airgeadais agus inar féidir léi a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 31(2) den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin NESDO.

Tá an Bord freagrach as plean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh measúnú maidir le feidhmíocht NESDO faoi threoir an phlean agus buiséad bliantúil a chur i gcrích an 22 Meitheamh 2020.
Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh de go dtugtar cosaint leordhóthanach do shócmhainní NESDO agus go bhfuil céimeanna réasúnacha i bhfeidhm chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais de chuid NESDO léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais NESDO an 31 Nollaig, 2020.

Struchtúr an Bhoird

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach atá ceaptha ag an Taoiseach. Tionóltar cruinnithe Boird gach bliain nó níos minice de réir mar is gá. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse atá comhtheorannach le téarma na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialaí (NESC). Mionsonraítear sa tábla thíos an tréimhse ceapacháin do chomhaltaí reatha:

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Comhalta Boird	Ról	An Dáta Ceaptha
Martin Fraser	Cathaoirleach	An 24 Bealtaine 2017
Elizabeth Canavan	Leaschathaoirleach	An 24 Bealtaine 2017

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC), a chuimsíonn triúr comhaltaí, lena n-áirítear beirt comhaltaí seachtracha. Ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca is ea tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus ráthaíocht ghaolmhar. Tá ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta, a mhonatóiriú go gníomhach agus go neamhspleách. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord gach bliain, nó de réir mar is gá. Tuairiscíonn ARC don bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: An tUasal Ray Henry (Cathaoirleach), suas go mí an Mheithimh 2020; An tUasal Nigel Clarke, Roinn an Taoisigh, Sinead Nic Coitir, Uasal, NESC. Tionóladh 2 chruinniú ARC sa bhliain 2020.

Clár Freastail, Táillí agus Costais

Ta clár freastail ag cruinnithe Boird agus Coiste don bhliain 2020 leagtha amach thíos lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

	Bord	Coiste Iniúchóireachta & Riosca	Táillí & Costais (€)
An Líon Cruinnithe:	1	2	
Martin Fraser	1	-	0
Elizabeth Canavan	1	-	0
Ray Henry	-	1	0
Nigel Clarke	-	2	0
Padraig O'Conaill	-	-	0
Sinead Nic Coitir	-	2	0

Ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird aon táillí ná costais.

Nochtuithe a Éilítear faoin gCod Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá freagracht ar an mBord a chinntiú gur chomhlíon NESDO riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

Miondealú Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe
Déantar Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe atá os cionn €60,000 a chatagóiriú sna raonta seo a leanas:

Réimse iomlán sochar fostaithe	An Líon Fostaithe 2020	An Líon Fostaithe 2019
€60,000-€69,999	1	0
€70,000 - €79,999	0	3
€80,000 – €89,999	4	3
€90,000 - €99,999	1	0
€100,000 - €109,999	2	3
€110,000 - €119,999	1	1
€120,000 - €129,999	0	0
€130,000 - €139,999	1	0
€140,000 - €149,999	0	0

Nóta: Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear leis na sochair ghearrthéarmacha i ndáil le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais bhreis-ama agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuirtear PRSI fostóra san áireamh.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Is mar seo a leanas a dhéantar caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil a chatagóiriú:

Fostaithe	2020 (€)	2019 (€)
Intíre	-	1,541
Idirnáisiúnta	-	4,719
Daoine nach Fostaithe iad		
Intíre	852	2,695
Iasachta	-	2,513
Iomlán	852	11,468

Costais Chomhairliúcháin

Tá NESC páirteach i dtionscadail taighde maidir le forbairt inbhuanaithe atá tacaithe le maoiniú ón gCiste Comhshaoil.

Tionscadal	2020 (€)	2019 (€)
Comhairliúchán um Thaighde maidir le Forbairt Inbhuanaithe	13,575	38,371

Costais agus Socruithe Dlí

2020 (€)	2019 (€)
Nil	Nil

Caiteachas Fáilteachais

Anailís Chaiteachais	2020 (€)	2019 (€)
Fostaithe	527	644
Daoine nach Fostaithe iad	-	953
Iomlán	527	1,597

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon NESDO an Cód go hiomlán sa bhliain 2020.

Sínithe: _____ **Dáta: 29 Samhain 2021**

Martin Fraser

Cathaoirleach an Bhoird

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta, aithním an fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach a choinneáil agus a chur i bhfeidhm san Oifig. Mar chuid den freagracht seo, cuirtear riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

An Cuspóir atá leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a chur as an áireamh. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go mbraithfí iad in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a chomhaontaíonn le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm i NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2020 agus suas leis an dáta a ceadaíodh na Ráitis Airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta & Riosca (ARC) ag NESDO a chuimsíonn triúr comhaltaí foirne a bhfuil beirt díobh, lena n-áirítear an Cathaoirleach, ina gcomhaltaí seachtracha a bhfuil taithí mhór chorparáideach agus airgeadais acu in eagraíochtaí na hearnála poiblí. Tá teacht ag ARC ar sheirbhísí gairmiúla cuntasaíochta de réir mar is gá. Tionóladh ARC faoi dhó sa bhliain 2020.

Is é an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach i Roinn an Taoisigh a chuireann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcrích i NESDO thar ceann ARC NESDO. Cuirtear acmhainní leordhóthanacha ar fáil don Aonad agus cuirtear clár oibre trí bliana i gcrích a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta ina gclúdaítear raon leathan réimsí den eagraíocht lena n-áirítear rialuithe inmheánacha.

D'fhorbair ARC beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina mionsonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear in ionchas go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca NESDO, an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh maidir le rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir NESDO córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina ndéantar rioscaí barrthábhachtacha a aithint agus a thuairisciú, mar aon leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is indéanta.
Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh NESDO agus rinneadh iad sin a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir an tábhacht atá leo. Déanann ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.
Sa chlár riosca, mionsonraítear na rialuithe agus gníomhartha atá ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus mionsonraítear freagracht i leith rialuithe a fheidhmiú a shanntar do bhaill foirne áirithe. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- doiciméadaíodh nósanna imeachta do na próisis ghnó barrthábhachtacha ar fad,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta ina bhfuil cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann ina bhfuil buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla do phróisis rialaithe monatóireachta agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is ábhartha, agus go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe barrtháibhachtacha sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.
- tá socruithe tuairiscithe i bhfeidhm ag gach leibhéal inar sannadh freagracht i ndáil le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar a chinntiú agus go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas i ndáil le ceannach. Le linn na bliana 2020, meastar 2 chonradh dar luach €23,854 a bheith neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach toisc gur cuireadh síneadh ama leo a bhí níos faide ná dáta bunaidh an chonartha gan soláthar iomaíoch. Ghlac NESDO céimeanna chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíontacht seo trí phróiseas iomaíoch a thabhairt chun críche maidir leis na seirbhísí seo. Tabharfar an próiseas seo chun críche sa bhliain 2021.

Tionchar Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Deimhním gur ullmhaigh NESDO tuarascáil chun forléargas a chur ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach agus don Choiste Iniúchóireachta maidir le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe mar fhreagra ar an bpaindéim. Tugadh an méid seo a leanas ar aird:

- Ní dhearnadh aon athrú éigeantach ar phróisis rialaithe airgeadais lena n-áirítear soláthar a chomhlíonadh agus scaradh reatha dualgas agus údaruithe ceadaithe
- Ní dhearnadh aon athrú ar shlándáil, rochtain ná monatóiriú sócmhainní
- Ní raibh aon rioscaí breise ann maidir le hacmhainn nó slándáil an bhonneagair ICT
- Ní raibh aon tionchar ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach
- Cuireadh réimse bearta breise i bhfeidhm lena n-áirítear cumarsáid a dhéanamh go rialta leis na baill foirne ar fad, tacaíochtaí folláine agus cianoibre, teacht a bheith ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta i ndáil le bainistíocht riosca agus rialú. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann NESDO ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánach trí obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, obair ARC, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus obair na bainistíochta sinsearaí laistigh de NESDO atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Deimhním gur chuir an Bord athbhreithniú bliantúil a gcrích maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020 ar an 14 Meitheamh 2021.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach i ndáil leis an mbliain 2020 nach mór a nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

Sínithe: _____ **Dáta: 29 Samhain 2021**

Martin Fraser

Board Chairman

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Tuarascáil lena cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais
An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na hOifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach 2006. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre maidir le beartais chuntasaíochta suntasacha.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain 2020 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn Tuairime

Rinne mé m'iniúchóireacht ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (ISAnna) de réir mar atá curtha i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus chomhlíon mé na freagrachtaí eitice eile atá orm i gcomhréir leis na caighdeáin.
Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil um fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus um cheisteanna eile

Cuir an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis dá leithéid, agus maidir le ceisteanna áirithe eile ar le heisceacht a ndéanaim tuairisciú orthu, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.



Mary Henry
Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann

2 Nollaig 2021

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí Comhaltaí Boird

De réir mar a mhionsonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú sa riocht atá leagtha amach faoi alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach 2006
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart i gcomhréir le FRS102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- a mheas cibé ar cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a mheasann siad bheith riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú nach bhfuil aon mhíráiteas ábhartha iontu, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Éilítear orm faoi alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach 2006 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus tuairisciú ina leith sin chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an iniúchóireacht á cur i gcrích agam dearbhú réasúnach a fháil cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Tá dearbhú réasúnach ina leibhéal ard dearbhaithe, ach ní dearbhú atá ann go mbraithfí míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann trí iniúchóireacht a dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna. Is féidir le míráitis teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid, agus meastar iad bheith ábhartha, bíodh siad ar bhonn indibhidiúil nó comhiomlán, dá bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí ar bhonn fhaisnéis na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchóireacht i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coinním le sceipteachas gairmiúil ar feadh na hiniúchóireachta. Agus trí sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bídís mar gheall ar chalaois nó earráid, a aithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin a leagan amach agus a chur i gcrích; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach mbraithfí míráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéisí nó sárú rialú inmhéanach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchóireacht d'fhonn nósanna imeachta a leagan amach atá oiriúnach do na cúinsí, ach ní chun críche tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar chuibhiúlacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Tagaim ar chonclúid maidir le cuibhiúlacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, socraím cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil do na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó, mura mbíonn nochtuithe dá leithéid leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas le dáta mo thuarascála. Mar sin féin, mar gheall ar imeachtaí nó cúinsí amach anseo, d'fheadfaí nár mhór don Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta deireadh a chur le leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, na nochtuithe san áireamh, agus déanaim measúnú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina léiriú ar na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach ina mbaintear amach léiriú cóir.

Déanaim cumarsáid leis na daoine a leagtar rialachas orthu maidir le, i measc ceisteanna eile, raon agus uainiú na hiniúchóireachta atá beartaithe agus maidir le torthaí suntasacha na hiniúchóireachta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha maidir le rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchóireachta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais
Maidir le mo thuairim ar na ráitis airgeadais, ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid in iúl maidir le dearbhú ina leith sin.

Maidir leis an iniúchóireacht a rinne mé ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin a dhéanamh, a mheas cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, nó má dhealraíonn sé go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Más rud é go dtagaim ar chonclúid, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis seo, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Ceisteanna eile a thuairisciú

Cuirtear m'iniúchóireacht i gcrích trí thagairt do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus feidhmiú. Tuairiscím má aithním ceisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.
Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn na hiniúchóireachta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i

bhfeidhm chun na críocha ar beartaíodh é nó i gcás nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad
Chomh maith leis sin, tuairiscím go heisceachtúil sa chás, i mo thuairim,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus míniúcháin ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchóireacht, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach le go mbeifí in ann iniúchóireacht réidh agus cheart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Ioncam	**Nótaí**	**2020**	**2019**
		€	**€**
Deontas Oireachtais	2	1,761,233	1,875,979
Ioncam Eile	3	75,645	67,987
Ioncam Iomlán		**1,836,878**	**1,943,966**
Caiteachas			
Costais Foirne	4	1,292,432	1,344,128
Comhairliúchán		13,575	38,371
Priontáil agus Foilseacháin		4,815	3,947
Taisteal & Cothabháil	6	852	11,468
Comhdhálacha agus Seimineáir		55,706	11,500
Oiliúint		14,613	11,892
Postas, Tacsaithe & Cúiréirí		1,207	988
Seirbhísí Leabharlainne		13,892	18,385
Riaracháin		535	712
Táillí Gairmiúla		4,588	5,904
Táille Iniúchóireachta		9,700	8,800
Guthán		6,914	6,538
Stáiseanóireacht		6,309	6,174
Costais IT agus Láithreáin Ghréasáin		41,110	51,490
Cíos & Muirir Sheirbhíse		381,782	361,616
Dímheas	7	12,071	11,351
Caiteachas Iomlán		**1,860,101**	**1,893,264**
(Easnamh)/Farasbarr don bhliain roimh Leithreasuithe		**(23,223)**	**50,702**
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	11	**1,027**	**2,225**
(Easnamh)/Farasbarr don bhliain i ndiaidh Leithreasuithe		**(22,196)**	**52,927**
Iarmhéid an 1 Eanáir		**125,368**	**72,441**
Iarmhéid an 31 Nollaig		**103,172**	**125,368**

Áirítear leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanaigh 13 go 18 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Sínithe: **Martin Fraser** **Dáta: 29 Samhain 2021**
Cathaoirleach an Bhoird

Sínithe: **Larry O'Connell** **Dáta: 29 Samhain 2021**
Príomhoifigeach

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020	2019
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	7	19,775	20,801
Sócmhainní Reatha			
Earraí Infhaighte	8	22,825	43,846
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	10	145,556	131,507
		168,381	175,353
Dliteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	9	(65,210)	(49,985)
Glansócmhainní Reatha		103,171	125,368
Glansócmhainní Iomlána		**122,946**	**146,169**
In Ionannas			
Cuntas Caipitil	11	19,774	20,801
Cúlchistí Coinnithe		103,172	125,368
		122,946	**146,169**

Áirítear leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.
Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanaigh 13 go 18 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Sínithe: **Martin Fraser** **Dáta: 29 Samhain 2021**

Cathaoirleach an Bhoird

Sínithe: **Larry O'Connell** **Dáta: 29 Samhain 2021**

Príomhoifigeach

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020	2019
		€	€
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta			
(Easnamh)/farasbarr don bhliain		(22,196)	52,927
Dímheas		12,071	11,351
(Laghdú)/méadú in earraí infhaighte		21,021	(17,442)
Méadú/(laghdú)/méadú i suimeanna iníoctha		15,225	(49,590)
Aistriú chuig/(ó) chuntas caipitil		(1,027)	(2,225)
Ús bainc a fuarthas		(18)	(16)
Glan-Insreabhadh Airgid/(eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta		**25,076**	**(4,995)**
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíocht chun maoin, gléasra & trealamh a fháil	7	(11,045)	(9,126)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		**(11,045)**	**(9,126)**
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Ús bainc a fuarthas		18	16
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		**18**	**16**
Glanmhéadú/(Laghdú) in Airgead agus Coibhéisí Airgid		**14,049**	**(14,105)**
Airgead agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir		**131,507**	**145,612**
Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig	10	**145,556**	**131,507**

Áirítear leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanaigh 13 go 18 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais.

Sínithe: **Martin Fraser** **Dáta: 29 Samhain 2021**

Cathaoirleach an Bhoird

Sínithe: **Larry O'Connell** **Dáta: 29 Samhain 2021**

Príomhoifigeach

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

1 Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus beartais chuntasaíochta suntasacha a ghlac NESDO. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go seasta i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh NESDO ar bun faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach 2006, le ceannoifig ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Is mar seo a leanas príomhchuspóir NESDO, de réir mar a leagtar amach in Alt 8 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach 2006:

Comhairle a thabhairt don Taoiseach maidir le gach saincheist beartais straitéiseach a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialach sa Stát.

Tá NESDO ina hEintiteas Leasa Poiblí (PBE).

Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), de réir mar atá curtha i bhfeidhm ag *Chartered Accountants Ireland*.

Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a ríomhtar ag luachanna córa de réir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na Ráitis Airgeadais sa riocht a cheadaigh an Taoiseach le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go seasta i gcás inar déileáladh le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais NESDO.

Ioncam

Deontas ón Oireachtas

Is ar bhonn fáltais airgid a aithnítear an deontas a fuarthas ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais.

Ioncam Eile

Ta NESC ag glacadh páirte i dtionscadail taighde atá tacaithe trí mhaoiniú ón gCiste Comhshaoil. Aithnítear an t-ioncam seo nuair a shonrasctar é.

Téann NESDO i mbun tionscadail chomh-mhaoinithe le heagraíochtaí eile a d'fhéadfadh maireachtáil níos faide ná bliain amháin. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fáltais airgid.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta in airgeadraí nach airgeadra an euro iad a thaifeadadh de réir na rátaí atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart nó ar dháta ar conradh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid go euro ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar dháta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Cuntas Caiteachais.

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar costas lúide dímheas carntha, a shocraítear i ndáil le haon fhoráil maidir le laige. Cuirtear dímheas ar fáil i leith gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse agus obair ealaíne, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach atá le gach aon sócmhainn a dhíscríobh de réir méid cothrom le linn a saolréanna úsáideacha measta, de réir an méid seo a leanas:

(i) Troscán: 10 mbliana
(ii) Trealamh: 5 bliana

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a chur de láimh, i ndiaidh na costais mheasta maidir le cur de láimh a bhaint, dá mbeadh aois ar shócmhainn cheana féin agus riocht uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré ionchais.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le laige i luach sócmhainne, aithnítear caillteanas laige sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Le ceadú ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'éirigh gach ball foirne ina mball den scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe faoin mbliain 2015. Is scéim neamhranníocach í seo do phinsin scoir agus sochair chnapshuime an oifigigh féin. Tá ranníocaíochtaí iníoctha don Scéim do Chéilí agus Leanaí. Tarchuireann NESDO na ranníocaíochtaí seo chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ar an mbonn sin, níl aon dliteanas ar NESDO i ndáil le socruithe aoisliúntais na mball foirne seo.

Le linn na bliana 2020, thug Roinn an Taoisigh beirt bhaill foirne ar iasacht do NESDO, thug An Garda Síochána ball foirne amháin ar iasacht do NESDO agus thug an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ball foirne amháin ar iasacht do NESDO. Clúdaíodh na baill foirne seo faoi na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm ina Roinn faoi seach. Chúitigh NESDO na Ranna i ndáil le tuarastal, PRSI fostóra agus aoisliúntas i leith na mball foirne faoi leith. Fabhraíodh aisíocaíochtaí ar bhonn míosúil agus gearradh iad ar an Roinn Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Is é an Roinn ábhartha atá freagrach as an bpárolla agus aoisliúntas i ndáil lena baill foirne a thugtar ar iasacht do NESDO.

Breitheanna agus Meastacháin do Chuntasaíocht Criticiúil

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, éilítear ar an mbainistíocht breitheanna, meastacháin agus tuairimí a ghlacadh a imríonn tionchar ar na suimeanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a thuairiscítear d'ioncam agus caiteachas le linn na bliana. Mar sin féin, mar gheall ar an gcineál meastacháin atá i gceist, d'fhéadfadh difríocht bheith ann idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Rinne an breith seo a leanas an éifeacht is suntasaí ar shuimeanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Stiúrthóir athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, agus go háirithe, an saolré ionchais eacnamaíoch agus na luachanna iarmharacha atá le daingneáin agus feistis, agus chinn sé go bhfuil saolréanna sócmhainní agus luachanna iomchuí.

2	**Íostarraingt Ioncaim Deontais an Oireachtais**	**2020**	**2019**
		€	**€**
	Íostarraingt Ioncaim Deontais an Oireachtais[1]	1,761,233	1,,875,979

[1] Foinse Ioncaim – Leithdháileadh ó Vóta 2 Roinn an Taoisigh Fo-mhírcheann A3 chuig NESDO. Mar chomh-chomhlacht NESDO (de réir mar a leagtar amach san Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006), íocann NESDO as caiteachas NESC.

3	**Ioncam Eile**	**2020**	**2019**
		€	**€**
	Ioncam Tionscadail[2]	75,627	67,971
	Ús Bainc	18	16
		75,645	67,987

[2] Fuarthas suim €75,627 ón gCiste Comhshaoil sa bhliain 2020.

4	**Costais Foirne**	**2020**	**2019**
		€	**€**
	Pá agus Tuarastail	1,189,171	1,242,723
	Costais Leasa Shóisialaigh	103,261	101,405
		1,292,432	1,344,128
	Ba é meánlíon na bhfostaithe agus leithdháileadh ECF le linn na bliana ná:	17	17

Asbhaineadh suim iomlán € 57,252 (2019: €62,598) de thobhach pinsin ó bhaill foirne a íocadh le Roinn an Taoisigh. Fuair Príomhoifigeach NESDO, atá ina Stiúrthóir NESC freisin, €135,209 (2019: €141,352) mar luach saothair i ndáil lena ról mar Stiúrthóir NESC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020. Ní bhfuair an Príomhoifigeach luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Mar Stiúrthóir NESC, fuair sé €103 (2019: €3,329) i ndáil le taisteal oifigiúil agus cothabháil de réir Chiorclán 07/2009 na Roinne Airgeadais.

Áirítear le Pá agus Tuarastail fabhrú Pá Saoire €44,972 (2019:€24,298).

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

5 Sochair Scoir

	2020	2019
	€	€
Áirítear i bpá agus tuarastal i nóta 4 an méid seo a leanas:		
Ranníocaíochtaí fostaithe le Roinn an Taoisigh i ndáil le baill foirne	23,983	26,113

6 Taisteal & Cothabháil

	2020	2019
	€	€
Taisteal agus Cothabháil[3]	852	11,468
	852	11,468

3. Lena n-áirítear costais a aisíoc le comhaltaí Chomhairle NESC a bhaineann le freastal ar chruinnithe den Chomhairle.

7 Maoin, Gléasra agus Trealamh

	Trealamh	Troscán	Iomlán
	€	€	€
Costas			
Iarmhéid an 1 Eanáir 2020	240,932	179,292	420,224
Breiseanna	8,634	2,411	11,045
Diúscairtí	-	(2,709)	(2,709)
Iarmhéid an 31 Nollaig 2020	249,566	178,994	428,560
Dímheas			
Iarmhéid an 1 Eanáir 2020	224,586	174,837	399,423
Muirear na bliana	11,335	736	12,071
Diúscairtí	-	(2,709)	(2,709)
Iarmhéid an 31 Nollaig 2020	235,921	172,864	408,785
Glanluach de réir na leabhar			
An 31 Nollaig 2020	13,645	6,130	19,775
An 31 Nollaig 2019	16,346	4,455	20,801

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

8	**Earraí Infhaighte**	**2020**	**2019**
		€	**€**
	Réamhíocaíochtaí	22,298	24,791
	Féichiúnaithe eile	527	-
	Rialú féichiúnaithe	-	19,055
		22,825	43,846

9	**Suimeanna iníoctha**	**2020**	**2019**
		€	€
	Creidiúnaithe trádála	4,767	5,082
	Cánacha agus costais shóisialta	934	195
	Fabhruithe	59,509	44,708
		65,210	49,985

Airgead Tirim agus Coibhéisí

10	**Airgid**	**2020**	**2019**
		€	**€**
	Cuntas reatha	35.062	11,218
	Cuntas taisce	110,287	120,168
	Airgead ar láimh	207	121
		145,556	131,507

11	**Cuntas Caipitil**	**2020**	**2019**
		€	**€**
	Iarmhéideanna an 1 Eanáir	20,801	23,026
	Aistriú chuig Ioncam agus Caiteachas		
	Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a cheannach	11,044	9,126
	Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(12,071)	(11,351)
		(1,027)	(2,225)
	Iarmhéid an 31 Nollaig	19,774	20,801

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

12 Áitreabh ina lonnaítear NESDO

Tá NESDO lonnaithe in áitreabh amháin atá suite ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1. Tógann NESDO an t-áitreabh seo ar cíos ar bhonn bliantúil ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus níl sí ceangailte le léas. Íocadh cíos € 322,329 agus muirir sheirbhíse €59,453 i ndáil leis an mbliain 2020.

13 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Ghlac comhaltaí Boird NESDO nósanna imeachta i gcomhréir le nósanna imeachta a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ó chomhaltaí den Bhord agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Deimhním nár tharla aon idirbhearta le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh aon leas tairbhiúil ag comhalta Boird iontu.

Tá an Comhairle NESC (comh-chomhlacht NESDO) ina chomhlacht comhairleach amháin gan aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus tá struchtúr ar leith ann lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar leasanna earnála barrthábhachtacha.

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta in NESDO an Príomhoifigeach agus comhaltaí an Bhoird. Ní bhfuair príomhphearsanra bainistíochta luach saothair, díolaíochtaí ná costais i ndáil lena ról in NESDO.

Feidhmíonn NESDO agus NESC araon faoi Acht NESDO, 2006 ina bhfuil foráil maidir le leasanna a nochtadh.

14 An Phaindéim Covid 19

Aithníonn an Oifig um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta go bhfuil an phaindéim Covid-19 ina teagmhas suntasach. Measann NESDO an teagmhas seo a bheith ina theagmhas iarchláir chomhardaithe i ndáil lena Ráitis Airgeadais 2020 agus cuireadh an phaindéim Covid-19 san áireamh ina próisis agus oibríochtaí foriomlána maidir le bainistíocht riosca agus ina meastacháin anonn go 2022.

Tá NESDO sásta gur féidir léi leanúint dá feidhmeanna a chomhlíonadh agus go mbeidh an maoiniú riachtanach aici i gcónaí chun é sin a chumasú. Tá NESDO den tuairim gur féidir lena hoibríochtaí leanúint ar aghaidh ar bhonn an ghnóthais leantaigh ina gclúdaítear an tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta a síníodh Ráitis Airgeadais 2020.

15 Na Ráitis Airgeadais a Cheadú

Cheadaigh Bord NESDO na Ráitis Airgeadais an 14 Meitheamh 2021.